Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12259/22
ADD 1

LIMITE

POLCOM 110
SERVICES 17
TELECOM 361
DATAPROTECT 250

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11376/22 ADD 1 |
| Ábhar: | Treoracha caibidlíochta i ndáil le forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na treoracha caibidlíochta i ndáil le forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch.

**TREORACHA CAIBIDLÍOCHTA I nDÁIL LE FORÁLACHA MAIDIR LE SREAFAÍ TRASTEORANN SONRAÍ A CHUR LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN tSEAPÁIN LE hAGHAIDH COMHPHÁIRTÍOCHT EACNAMAÍOCH**

PUBLIC

*Cineál agus Raon feidhme na bhforálacha*

Na forálacha a bheidh le caibidil agus lena gcur sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch (an Comhaontú), is le sreafaí trasteorann sonraí idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a bhainfidh siad, agus leo sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 8.81 den Chomhaontú lena dtugtar treoir do na Páirtithe athmheasúnú a dhéanamh ar an ngá forálacha den chineál sin a chur leis.

*An t-inneachar a mholtar le haghaidh na bhforálacha maidir le sreafaí sonraí*

I gcomhthéacs dhigiteáil mhéadaitheach na tráchtála agus an tábhacht a bhaineann le haistrithe idirnáisiúnta na sreafaí sonraí le haghaidh na trádála agus na hinfheistíochta trasteorann, ba cheart cur chuige an Aontais Eorpaigh sa chaibidlíocht seo a bheith comhleanúnach leis an gcur chuige a chleachtar sa réimse sin i ndáil le comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha maidir leis an trádáil agus an infheistíocht. Go háirithe, is é an toradh ba cheart a bheith ar an gcaibidlíocht ná rialacha lena gcumhdaítear sreafaí trasteorann sonraí agus lena dtugtar aghaidh ar cheanglais gan údar maidir le logánú sonraí, gan rialacha an Aontais maidir le cosaint na sonraí pearsanta a chaibidil agus gan difear a dhéanamh do na rialacha sin, go suntasach ó thaobh chosaint na sonraí pearsanta agus neamhphearsanta agus ó thaobh na cibearshlándála. Níor cheart do na rialacha cosc a chur ar an Aontas Eorpach ná ar Bhallstáit an Aontais an ghníomhaíocht eacnamaíoch a rialáil ar mhaithe le leas an phobail, chun cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí a bhaint amach amhail cosaint agus cur chun cinn na sláinte poiblí, na seirbhísí sóisialta, an oideachais phoiblí, na sábháilteachta, an chomhshaoil, na moráltachta poiblí, an chosaint shóisialta nó cosaint na dtomhaltóirí, an príobháideachas agus cosaint na sonraí, agus cosaint agus cur chun cinn na héagsúlachta cultúrtha.